AN GHNÍOMHAIREACHT FEIDHMIÚCHÁIN EORPACH
UM OIDEACHAS AGUS CULTÚR (EACEA)

# Glao ar léiriú spéise

**Bainisteoir staidéir agus anailíse – Riarthóir**

EACEA/2025/06/TA2f/AD6

**Cineál poist agus roghnúchán:** Seachtrach – Gníomhaire Sealadach (TA)

**Tagairt:**EACEA/2025/06/TA2f/AD6

**Áit fostaíochta:** An Bhruiséil, an Bheilg

**Dáta deiridh le haghaidh iarratas (am na Bruiséile):** **8 Nollaig 2025, 13:00**

**Líon na n-iarrthóirí ar an liosta ionadaithe:**12

*This document was originally prepared in English language. The English version will prevail for all purposes.*

## Cur i láthair maidir leis an nGníomhaireacht

Is Gníomhaireacht Feidhmiúcháin ilchláir atá lonnaithe sa Bhruiséil í an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA).

I gcomhar le sé Ard-Stiúrthóireacht an Choimisiúin Eorpaigh, tá sé de phribhléid ag EACEA bainistiú a dhéanamh ar chur chun feidhme ceithre cinn de chláir shuaitheanta chistiúcháin de chuid an Aontais Eorpaigh: Erasmus+, Eoraip na Cruthaitheachta, an clár um Shaoránaigh, Comhionannas, Cearta agus Luachanna, agus an Cór Dlúthpháirtíochta Eorpach.

Ó 2006 i leith, tá EACEA ag tacú le forbairt tionscadal oideachais, oiliúna, óige, spóirt, meán, cultúir, dlúthpháirtíochta, saoránachta agus luachanna. Thar ceann an Choimisiúin Eorpaigh, oibríonn EACEA chun nuálaíocht a chothú sna réimsí sin, de réir mheon an chomhair trasteorann agus an mheasa fhrithpháirtigh i gcónaí.

Mar eagraíocht nua-aimseartha agus gairmiúil, déanann EACEA a dhícheall chun feidhmiú ar bhealach atá cothrom agus trédhearcach, chun aird a thabhairt ar chaighdeáin a bhaineann le rochtain chomhionann agus cóir chomhionann, agus chun tacú leis na tionscadail lena dtugtar léargas ar an Eoraip i mbarr a maitheasa.

Is ionann a bheith ag obair in EACEA agus a bheith ag obair ag croílár bhainistiú tionscadal na hEorpa. Agus beagnach 600 ball foirne fostaithe ann, is ionad oibre dinimiciúil, oscailte agus idirnáisiúnta é EACEA, atá in ann ní hamháin freastal ar shaoránaigh na hEorpa ach atá in ann saoránaigh na todhchaí a chumhachtú freisin. Tá luachanna láidre ag croílár EACEA: tiomantas, ionracas, oibiachtúlacht, meas ar dhaoine eile agus trédhearcacht.

Le tuilleadh faisnéise a fháil faoin nGníomhaireacht, féach ar ár suíomh gréasáin: https://www.eacea.ec.europa.eu

## Misean an eintitis

Is é an tAonad EACEA.A.6 (Ardáin, staidéir agus anailís) a chomhordaíonn bainistiú na n-ardán arna gcur chun feidhme faoin gClár Erasmus+. Cuireann sé foghlaim teangacha, foghlaim neamhfhoirmiúil, forbairt ghairmiúil agus comhar chun cinn tríd an méid seo a leanas: Tacaíocht Teanga ar Líne (OLS) le haghaidh foghlaim teangacha, an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, agus an Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE) do bhaill foirne foghlama aosaí. Ar bhonn níos ginearálta, comhordaíonn an tAonad raon líonraí, vicithe agus moil a bhíonn ag obair i ndlúthchomhar le páirtithe leasmhara, go háirithe i bhfianaise chur chun feidhme an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach.

Ina theannta sin, cuireann an tAonad faisnéis agus anailís chomparáideach ar fáil maidir le córais agus beartais oideachais agus óige san Aontas agus níos faide i gcéin. Is é an cuspóir atá leis sin tuiscint a fheabhsú, comhar a fheabhsú agus tacú le ceapadh beartas. Chuige sin, comhordaíonn an tAonad an Líonra um Fhaisnéis Oideachais sa Chomhphobal Eorpach (Eurydice) agus Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí de sholáthraithe sonraí atá lonnaithe i bhformhór na dtíortha Eorpacha, oibríonn sé go dlúth le an Eagraíocht um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíochta (ECFE), leis an gCumann Idirnáisiúnta um Meastóireacht ar Ghnóthachtáil Oideachais, agus le heagraíochtaí eile d’fhonn príomhstaidéir i réimse an oideachais a chur i bhfeidhm.

Tríd is tríd, tá sé mar aidhm ag an Aonad faisnéis ábhartha atá inrochtana go héasca agus cruinn a chur ar fáil don lucht déanta beartas, do pháirtithe leasmhara, do thairbhithe agus do shaoránaigh maidir leis an gClár Erasmus+.

---

## Cur síos ar an bpost

## Cuspóir foriomlán

Tugann na bainisteoirí staidéir agus anailísí faoi dhualgais éagsúla, amhail anailísí a dhéanamh agus cúraimí comhairleacha, maoirseachta, comhordaithe agus caibidlíochta a dhéanamh chomh maith le taighde a chur chun feidhme i mbeartais oideachais agus óige arna dtarmligean chuig an nGníomhaireacht.

I réimsí gníomhaíochta na Gníomhaireachta, d’fhéadfadh na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh, a bheith ar phríomhdhualgais Bainisteora Staidéir agus Anailísí in EACEA:

- Bainistiú a dhéanamh ar tháirgeadh tráthúil staidéar comparáideach agus anailísí atá cruinn, iontaofa agus sothuigthe ar chórais oideachais Eorpacha agus/nó ar bheartais óige.
- Comhordú iliomad foirne taighde.
- Treoir agus tacaíocht taighde a chur ar fáil do bhaill foirne agus do shaineolaithe seachtracha.
- Rannchuidiú le bainistíocht fhoriomlán na hearnála staidéir agus anailíse, lena n-áirítear bainistiú Eurydice agus Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí, maille le hobair a chur i gcrích le Grúpa Leantach Bologna, más gá.

- Ionadaíocht a dhéanamh ar an Aonad i malartuithe oibríochtúla le seirbhísí eile de chuid na Gníomhaireachta agus an Choimisiúin Eorpaigh, chomh maith le hionadaíocht a dhéanamh ar an nGníomhaireacht/ar an Aonad i gcruinnithe, comhdhálacha agus imeachtaí le hinstitiúidí an Aontais agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

Féach an mhír ‘Feidhm agus dualgais’ anseo thíos d’fhonn tuilleadh faisnéise a fháil faoi na gnáthchúraimí a bheidh le comhlíonadh.

## Feidhm agus dualgais

***Comhordú foirne***

- Gníomhaíochtaí na foirne a stiúradh agus a chomhordú ar bhealach éifeachtúil agus éifeachtach, d’fhonn a áirithiú go gcomhlíontar spriocdhátaí ábhartha inmheánacha agus seachtracha.
- Feidhmiú ceart na foirne a chlársceidealú, a eagrú agus a mhaoirsiú, agus cúraimí agus freagrachtaí a leithdháileadh ar na baill foirne.
- Caighdeáin cháilíochta agus tráthúlacht a chinntiú; feidhmíocht na foirne a mhaoirsiú agus a rialú; agus leanúnachas oibríochtaí laistigh den fhoireann a chinntiú.
- Rannchuidiú le sainiú chuspóirí straitéiseacha foriomlána, chlár oibre agus chuspóirí sonracha an aonaid sna réimsí foirne ábhartha.
- Cumarsáid idirghníomhach a choinneáil ar bun leis an bhfoireann, ionas go gcuirfear baill foirne ar an eolas faoi gach gné ábhartha ó thaobh beartais de agus straitéiseach a mbíonn tionchar acu ar an bhfoireann agus ar obair an aonaid agus ionas go bhfaighidh siad aiseolas iomchuí ar a gcuid gníomhartha.
- Tacú le Ceann an Aonaid/le Ceann na hEarnála maidir le hiarrataí a bhaineann le feidhmíocht agus riarachán pearsanra a fhormheas, a údarú agus/nó tuairim a thabhairt ina leith.

***Bainistiú clár/próiseas/tionscadal***

- Taighde comparáideach i réimse an oideachais agus/nó na hóige a bhainistiú, a mhaoirsiú agus a bhailíochtú, lena n-áirítear uirlisí bailithe sonraí a fhorbairt.
- Tacú le foirne tionscadail taighde a dhearadh, staidéir, tuarascálacha, seisiúin faisnéise i réimse an oideachais nó na mbeartas óige a dhréachtú agus a thabhairt cothrom le dáta.
- Treochtaí atá ag teacht chun cinn i réimse an oideachais nó na hóige a shainaithint d’fhonn plé beartais a spreagadh agus tacú leis.
- Comhairle, cúnamh agus tacaíocht a chur ar fáil maidir le hábhair a bhaineann le réimse an oideachais agus/nó na hóige d’fhonn forbairtí a réamh-mheas agus saincheisteanna a tharraingt anuas, go háirithe don Choimisiún Eorpach.
- Comhoibriú le comhlachtaí eile atá gníomhach i réimse an oideachais agus na hóige.
- Forbairtí i mbainistiú sonraí agus i dtaobh cineál táirgí a mholadh, a chur chun feidhme agus obair leantach a dhéanamh ina leith.
- Beartais sonraí oscailte a chur chun feidhme agus a fhorbairt.

- Tuarascálacha agus staitisticí leantacha a ullmhú, lena n-áirítear aiseolas a bhaineann le beartas agus tacaíocht a thabhairt do na máthair-Ard-Stiúrthóireachtaí.
- Déileáil le gníomhaíochtaí cothrománacha, gnéithe comhbheartaithe agus líonraithe an chláir agus a chuid tionscadal.
- Maidir leis na comhaid ábhartha, idirghníomhú le haonaid ábhartha scátháin na hArd-Stiúrthóireachta agus/nó le páirtithe leasmhara seachtracha.

***Meastóireacht agus bainistiú cáilíochta***

- Anailís agus measúnú a dhéanamh ar thorthaí agus ar thionchar na staidéar, bainistiú sonraí, forbairtí táirgí, agus aiseolas a sholáthar chomh maith le moltaí a dhéanamh maidir le feabhsuithe.
- Cúnamh a chur ar fáil maidir le faireachán, iniúchadh cáilíochta agus meastóireacht a dhéanamh ar na cláir oibre agus ar na tuarascálacha arna bhforbairt san earnáil.
- Rannchuidiú le próisis a fhorbairt san earnáil, a gcur chun feidhme a áirithiú, agus feabhas leanúnach a chur orthu.
- Ról a thabhairt do na líonraí i meastóireachtaí rialta agus i mbainistiú cáilíochta.
- Rannchuidiú le haiseolas struchtúrtha beartais trí aischothú rialta ar an gclár agus cur chun feidhme tionscadail don mháthair-Ard-Stiúrthóireacht.

***Cumarsáid agus foilsiú***

- Seachadadh torthaí insaothraithe a éascú chomh maith le scaipeadh tuarascálacha, staidéar agus anailísí.
- Dea-chleachtais a shainaithint agus rannchuidiú lena scaipeadh.
- Torthaí na dtuarascálacha a shainaithint agus a scaipeadh i gcomhréir le tosaíochtaí beartais; malartú taithí a éascú agus páirt a ghlacadh ó thaobh dearaidh, scríofa, táirgthe agus eagarthóireachta doiciméad/tuarascálacha de.
- Páirt a ghlacadh i meithleacha, coistí agus grúpaí idirsheirbhíse ábhartha agus/nó cathaoirleacht a dhéanamh orthu ag leibhéal EACEA, ag leibhéal an Choimisiúin agus/nó ag leibhéal na ngeallsealbhóirí.
- Teagmháil a choinneáil le páirtithe leasmhara agus páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhroinnte eolais.
- Rannchuidiú le beartas cumarsáide agus faisnéise an chláir trí labhairt ag comhdhálacha nó seimineáir.

***Buiséad, airgeadas, conarthaí agus cuntasaíocht***

- A áirithiú go n-urramófar an Rialachán Airgeadais, rialacha cur chun feidhme, rialacha inmheánacha maidir le forghníomhú an bhuiséid, an Bunghníomh, an Cinneadh maidir le Maoiniú agus rialacha gaolmhara eile, agus diúscairtí buiséadacha, lena n-áirítear go háirithe prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

***Pleanáil agus tuairisciú***

- Tuarascálacha tréimhsiúla agus deiridh ar chur chun feidhme agus staitisticí agus faisnéis *ad hoc* a ullmhú, chomh maith le seisiúin faisnéise arna n-iarraidh ag seirbhísí an Choimisiúin.
- Rannchuidiú le hullmhú an chláir oibre bhliantúil agus thuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta, chomh maith le cláir oibre Líonra Eurydice agus Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí, maille le Grúpa Leantach Bologna nuair is gá.
- Páirt a ghlacadh i bpleanáil riachtanas saineolaithe agus maoirseacht a dhéanamh ar a mbainistíocht laistigh de thionscadail, lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe teicniúla agus airgeadais na gconarthaí.

Tabhair do d'aire go bhfuil an liosta seo neamh-uileghabhálach.

---

## Cáilíochtaí agus taithí a theastaíonn

## Critéir incháilitheachta

Ní mór d'iarrthóirí **GACH CEANN** de na coinníollacha ginearálta agus sonracha seo a leanas a chomhlíonadh ar an dáta deiridh le haghaidh iarratas a dhéanamh.

**A. Coinníollacha ginearálta**

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach.
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach.
- Aon oibleagáid arna forchur leis na dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici.
- Na riachtanais charachtair a bhaineann leis na dualgais atá i gceist a chomhlíonadh ([1]).
- A bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh ([2]).
- Eolas ar dhá theanga oifigiúla de chuid an Aontais ar a laghad: teanga amháin ag leibhéal C1 ar a laghad (eolas críochnúil), agus teanga eile ag leibhéal B2 ar a laghad (eolas sásúil). ([3])

**B. Coinníollacha sonracha – Oideachas**

Ní mór d'iarrthóirí leibhéal oideachais arb ionann é agus 3 bliana ar a laghad de staidéar ollscoile críochnaithe atá fianaithe le dioplóma a bheith acu ([4]).

*(1) Sula gceapfar iad, iarrfar ar na hiarrthóirí rathúla deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil a thugann le fios nach bhfuil taifead coiriúil acu.*
*(2) Sula gceapfar iad, ní mór do na hiarrthóirí rathúla dul faoi scrúdú leighis ag seirbhísí leighis an Choimisiúin chun a sheiceáil an gcomhlíonann siad an coinníoll atá leagtha amach in Airteagal 12(d) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh.*
*(3) Comhfhreagraíonn na hinniúlachtaí seo don Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (https://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr).*

*(4) Ní ghlacfar ach le teidil staidéir arna mbronnadh i mBallstáit de chuid an Aontais (nó an teastas coibhéise arna eisiúint ag údaráis cháilithe na mBallstát). Ní mór an teastas coibhéise a chur isteach don Ghníomhaireacht faoi dháta bunaithe an liosta ionadaithe.*

## Critéir roghnúcháin – Riachtanach

Ní mór d'iarrthóirí na critéir riachtanacha uile a chomhlíonadh:

**A. Cáilíochtaí**

PhD a bheith acu – i réimse eolaíochta ábhartha laistigh de réimse na hEolaíochta Sóisialta agus/nó na nDaonnachtaí.
NÓ
Máistreacht a bheith acu san Eolaíocht Shóisialta agus/nó sna Daonnachtaí, mar aon le taithí ghairmiúil speisialaithe 3 bliana ar a laghad i dtaighde, in anailís sonraí agus i ndréachtú tuarascálacha anailíseacha i réimse beartais shóisialta.

**B. Taithí agus scileanna**

- 3 bliana ar a laghad de thaithí ghairmiúil speisialaithe i dtaighde le hanailís sonraí agus dréachtú tuarascálacha anailíseacha i réimsí na mbeartas sóisialta ([5]).
- Taithí ar dhearadh taighde ina n-úsáidtear sonraí cáilíochtúla.
- Taithí ar bheith ag obair mar thaighdeoir i dtionscadail taighde idirnáisiúnta agus/nó i mbainistiú tionscadal taighde, go háirithe ar an leibhéal Eorpach.
- Taithí ar pháipéir thaighde, tuarascálacha eolaíochta agus anailísí beartais a dhréachtú agus a fhoilsiú.
- Sáreolas – ó bhéal agus i scríbhinn (leibhéal C1 ar a laghad) – ar an mBéarla.
- Eolas ar oideachas Eorpach, agus/nó ar bheartais óige arna chruthú le staidéir ábhartha nó le taithí ghairmiúil.

*(5) Ní mór go bhfuarthas an taithí ghairmiúil i ndiaidh chomhlíonadh na n-íoscheanglas atá sonraithe sa mhír 'Cáilíochtaí'.*

## Critéir roghnúcháin – Buntáisteach

- Taithí ar dhearadh taighde ina n-úsáidtear sonraí cainníochtúla atá nasctha le suirbhéanna idirnáisiúnta (PISA, TALIS, ICCS, ICILS, Eurostat, etc.), go háirithe.
- Sárscileanna scríbhneoireachta agus cur i láthair.
- An cumas dul i mbun caibidlíochta le páirtithe leasmhara maidir le saincheisteanna a bhaineann le dearadh taighde, bainistiú sonraí agus tosaíochtaí beartais.
- Eolas an-mhaith ar fhorbairtí beartais Eorpaigh le déanaí i gceann amháin nó níos mó de na réimsí seo a leanas:
    - Oideachas agus cúram na luath-óige
    - Oideachas scoile
    - Ardoideachas

    - Foghlaim aosach
    - An óige
- Dea-theist a bheith orthu maidir le foilsiú eolaíoch in irisí piarmheasúnaithe.
- Taithí ar fhoirne taighde a bhainistiú agus a chomhordú, agus ar mhaoirseacht a dhéanamh ar cháilíocht na n-aschur.

## Critéir roghnúcháin – Iompraíochta

- Spreagadh agus faichill i dtaobh torthaí ardcháilíochta a bhaint amach.
- Cumas chun obair bhuíne a dhéanamh i dtimpeallacht ilchultúrtha.
- An cumas obair a chur i gcrích go neamhspleách.
- An cumas obair a chur i gcrích faoi bhrú agus freagrachtaí éagsúla a bhainistiú de réir spriocdhátaí dochta.
- Scileanna láidre eagrúcháin.
- Braistint freagrachta, braistint dualgais, cuntasacht, agus a bheith dírithe ar sheirbhís a chur ar fáil.
- Sárchumas cumarsáide.
- Sárscileanna réitigh fadhbanna.

## Nós imeachta um iarratas a chur isteach

Iarrtar ar iarrthóirí iarratas a dhéanamh i mBéarla.

Sa phróiseas roghnúcháin seo, is é BÉARLA an teanga a úsáidtear san iarratas, sa triail scríofa, san agallamh agus i gcumarsáid ghinearálta idir EACEA agus na hiarrthóirí.

Sainíodh na riachtanais teanga sa phróiseas roghnúcháin seo de réir leas na seirbhíse, leas a fhágann gur gá sáreolas (leibhéal C1 ar a laghad) a bheith ag na hearcaigh nua ar an mBéarla ionas go mbeidh siad in ann dul i mbun oibre láithreach, agus go mbeidh sé ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh i gcur i gcrích a n-oibre laethúla. Cuireann EACEA.A.6 faisnéis agus anailís chomparáideach ar fáil maidir le córais agus beartais san oideachas agus san óige san Aontas agus níos faide i gcéin. Comhordaíonn an t-aonad an Líonra Eurydice agus Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí de sholáthraithe sonraí atá lonnaithe i bhformhór na dtíortha Eorpacha. Bainistíonn sé forbairt na Faireachlainne Eorpaí um an Earnáil Ardoideachais (EHESO) freisin.

Is i mBéarla amháin a tháirgtear foilseacháin shuíomh gréasáin na mBeartas Náisiúnta (https://national-policies.eacea.ec.europa.eu/), ar a n- óstáiltear Eurydice, Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí, an Scórchlár Soghluaisteachta agus EHESO.

Is é an Béarla an phríomhtheanga oibre le haghaidh staidéir agus anailísí a dhéantar le haghaidh ardáin na mbeartas náisiúnta. Is i mBéarla amháin a dhréachtaítear na tuarascálacha ar fad a chuirtear ar fáil toisc go meastar go ginearálta gurb é *lingua franca* an phobail eolaíochta é. Ina theannta sin, is é an Béarla an teanga réamhshocraithe a úsáidtear i siompóisiamaí idirnáisiúnta agus i gcruinnithe le páirtithe leasmhara, mar shampla cruinnithe Ghrúpa Leantach Bologna, cruinnithe de chuid ECFE, agus de chuid cruinnithe Eurydice agus Líonra na gComhfhreagraithe Náisiúnta Óga Vicí.

Cé go bhféadfadh eolas ar theangacha eile a bheith ina bhuntáiste, úsáidfidh na hiarrthóirí a n-éireoidh leo Béarla agus a gcuid cúraimí laethúla á gcur i gcrích acu. Úsáidtear Béarla i seisiúin faisnéise, i dtuairisciú, do dhréachtdhoiciméid, etc., agus i gcruinnithe, le haghaidh cumarsáid inmheánach, le seirbhísí an Choimisiúin, agus le hinstitiúidí eile agus le páirtithe leasmhara seachtracha.

Chun iarratas a dhéanamh ar an bpost seo, ní mór d'iarrthóirí brú ar an gcnaipe '**IARRATAS A DHÉANAMH AR LÍNE**' anseo thíos. Iarrfar orthu cuntas a chruthú nó síniú isteach ina gcuntas gníomhach.

Ní mór d'iarrthóirí a léiriú go soiléir ina bhfoirm iarratais go gcomhlíonann siad na critéir Riachtanacha agus Bhuntáisteacha a luaitear faoi 'CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ A THEASTAÍONN' agus samplaí sonracha a thabhairt. Ní mór dóibh a n-inspreagadh don phost a chur in iúl freisin.

Is é an Bord Roghnúcháin a dhéanfaidh measúnú ar na freagraí a thabharfar san fhoirm iarratais.

Tar éis dóibh an t-iarratas a chur isteach i gceart, gheobhaidh iarrthóirí admháil uathoibríoch go bhfuarthas an t-iarratas chuig an gcuntas ríomhphoist atá luaite ina n-iarratas.

Molann EACEA go láidir gan fanacht go dtí an cúpla lá deiridh roimh an spriocdháta chun iarratas a dhéanamh, ós rud é go bhféadfadh fadhbanna teacht as trácht trom idirlín nó as deacrachtaí ceangail. Ní ghlacfar le hiarratais dhéanacha in imthosca ar bith. Is ar gach iarratasóir amháin atá an fhreagracht GACH réimse ábhartha den iarratas ar líne a líonadh isteach, agus é a chur isteach roimh an sprioc-am le hiarratas a dhéanamh.

Iarrfar doiciméid tacaíochta ina bhfuil fianaise ar an bhfaisnéis a thugtar san fhoirm iarratais ag céim níos déanaí. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig na hiarrthóirí.

Dícháileofar iarratais sna cásanna seo a leanas:

- mura gcuireann an t-iarrthóir an t-iarratas ar líne isteach faoin sprioc-am.
- má chruthaítear, ag céim ar bith den nós imeachta, go bhfuil an fhaisnéis a chuir an t-iarrthóir ar fáil mícheart nó bréagach, nó má rinne an t-iarrthóir dearbhuithe nach dtacaíonn na doiciméid chuí leis.
- má rinne an t-iarrthóir iarracht dul i dteagmháil, go díreach nó go hindíreach, le comhalta den Bhord Roghnúcháin, nó teagmháil a dhéanamh leis an gcomhalta sin maidir leis an nós imeachta roghnúcháin seo.

**Dáta deiridh: ní mór iarratais a chur isteach faoin 8 Nollaig 2025 ag 13.00 (am na Bruiséile) ar a dhéanaí.**

## An Bord Roghnúcháin

Is é Stiúrthóir EACEA a cheapfaidh Bord Roghnúcháin agus beidh triúr comhaltaí ar a laghad air, lena n-áirítear comhalta arna ainmniú ag Coiste Foirne na Gníomhaireachta.

Tá obair agus plé an Bhoird Roghnúcháin faoi rún. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an mBord Roghnúcháin, go díreach ná go hindíreach, in aon imthosca,

maidir leis an earcaíocht seo. Forchoimeádann an t-údarás atá údaraithe conarthaí fostaíochta a thabhairt i gcrích an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhshuim de na treoracha seo a dhícháiliú.

## Nós imeachta roghnúcháin

### 1. Seiceáil incháilitheachta

Déanfaidh Aonad um Acmhainní Daonna de chuid EACEA na ceanglais incháilitheachta (Coinníollacha ginearálta & Coinníollacha Sonracha – Oideachas) a bhfuil tuairisc tugtha orthu faoi 'CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ A THEASTAÍONN' a sheiceáil in aghaidh na faisnéise a sholáthraítear san fhoirm iarratais amháin.

### 2. Roghnú ar bhonn cáilíochtaí, agus Taithí agus scileanna

Is le haghaidh na n-iarrthóirí incháilithe amháin atá roghnaithe de réir an eolais thuas a chuirfear an roghnúchán bunaithe ar cháilíochtaí i gcrích, ach úsáid a bhaint as an bhfaisnéis a gcuirfidh na hiarrthóirí ar fáil san fhoirm iarratais. I gcás gach réimse, tabharfaidh an Bord Roghnúcháin ualú do gach critéar roghnúcháin a léiríonn tábhacht an chritéir sin le hais na gcritéar eile (1 go 3) agus tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra a thug an t-iarrthóir. Ansin, iolróidh an Bord Roghnúcháin na pointí faoin ualú atá luaite le gach critéar, agus suimeofar iad chun na daoine is mó a n-oireann a bpróifílí do dhualgais an phoist a shainaithint.

Ní dhéanfar tuilleadh meastóireachta ar iarratais a chuirtear isteach nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin riachtanacha (féach Critéir roghnúcháin/Riachtanach).

Ní rachaidh ach na hiarrthóirí ag a mbeidh na scóir iomlána is airde acu agus ag a mbeidh scór íosta riachtanach bainte amach acu, mar atá leagtha amach ag an mBord Roghnúcháin, ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den nós imeachta.

### 3. Triail scríofa

Tar éis an roghnúcháin ar bhonn cáilíochtaí, tabharfar cuireadh chun na trialach scríofa do 50 iarrthóir ar a mhéad ([6]).

Déanfar measúnú sa tástáil scríofa i mBéarla ar inniúlachtaí seo a leanas na n-iarrthóirí: tuiscint ar fhaisnéis cháilíochtúil agus chainníochtúil i réimsí beartais shóisialta ábhartha, an cumas sonraí casta comparáideacha a anailísiú agus a shintéisiú, agus cumas dréachtaithe an iarrthóra i mBéarla.

Marcálfar an triail scríofa de réir lánmharc de 50 agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

### 4. Agallamh

Tabharfar cuireadh chun agallaimh do 25 iarrthóir ar a mhéad ([7]), a bhainfidh amach na marcanna is fearr i ndiaidh na trialach scríofa.

Déanfar measúnú san agallamh ar oiriúnacht na n-iarrthóirí chun na cúraimí a bhfuil tuairisc tugtha orthu in Iarscríbhinn I den Ghlao ar Léiriú Spéise seo a dhéanamh, ar a n-inspreagadh, a gcumas dea-thorthaí a bhaint amach, a scileanna cumarsáide agus idirphearsanta, a gceannaireacht agus maoirseacht ar an obair. Déanfar na

critéir roghnúcháin iompraíochta a luaitear faoi 'CÁILÍOCHTAÍ AGUS TAITHÍ A THEASTAÍONN' a mheasúnú le linn an agallaimh freisin.

Is i mBéarla a reáchtálfar an t-agallamh.

Marcálfar an t-agallamh de réir lánmharc de 50 agus beidh pasmharc de 30 i gceist.

NB: féadfar an triail scríofa agus an t-agallamh a reáchtáil cé acu sa Bhruiséil nó go cianda. Tabharfar na sonraí teicniúla a bhaineann leis an triail scríofa agus leis an agallamh do na hiarrthóirí ag céim níos déanaí.

**5. Liosta ionadaithe**

Is é is cuspóir don nós imeachta roghnúcháin seachtrach seo liosta ionadaithe a bhunú ar a mbeidh 12 iarrthóir a n-éireoidh leo.

I ndiaidh dó doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a sheiceáil, tiomsóidh an Bord Roghnúcháin an liosta ionadaithe ar a mbeidh na hiarrthóirí incháilithe a mbeidh na marcanna foriomlána is airde acu i ndiaidh an agallaimh, go dtí go mbainfear amach an líon iarrthóirí atá ag teastáil ([8]). Is in ord aibítre a liostófar na hainmneacha.

Úsáidfear an liosta ionadaithe go príomha chun folúntais a líonadh in Aonad EACEA.A.6 earnáil 2 'Staidéir agus Anailís'.

Ní hionann iarrthóirí a bheith luaite ar an liosta ionadaithe agus ráthaíocht go n-earcófar iad. Beidh earcaíocht bunaithe ar infhaighteacht post agus ar an mbuiséad. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí 31 Nollaig 2028. Is féidir le Stiúrthóir EACEA síneadh a chur le bailíocht an liosta.

*(6) Maidir leis an áit dheireanach atá ar fáil, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna (ex aequo), tabharfar cuireadh dóibh ar fad an triail scríofa a dhéanamh.*
*(7) Maidir leis an áit dheireanach atá ar fáil, sa chás go ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna (ex aequo), tabharfar cuireadh dóibh ar fad chun an agallaimh.*
*(8) Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthóidh roinnt iarrthóirí an marc céanna (ex aequo), ainmneofar iad ar fad ar an liosta.*

## Rannpháirtíocht agus coinníollacha fostaíochta

Fostófar an t-iarrthóir a cheapfar mar Ghníomhaire Sealadach i gcomhréir le hAirteagal 2(f) de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh (CEOS) mar riarthóir ag grád AD6. Tugtar an conradh fostaíochta i gcrích ar feadh tréimhse 2 bliana. Féadfar an conradh sin a athnuachan go ceann bliana eile. Is ar feadh tréimhse éiginnte a dhéanfar aon athnuachan ina dhiaidh sin.

Is é EUR 6 758.53 an buntuarastal míosúil do Ghníomhaire Sealadach AD6 (céim 1). Sa bhreis ar an mbuntuarastal, féadfaidh baill foirne a bheith i dteideal liúntais éagsúla a fháil, go háirithe liúntas teaghlaigh, liúntas easaoránachta (16 % den bhuntuarastal móide liúntas teaghlaigh), liúntas linbh chleithiúnaigh agus liúntas oideachais. Tá an tuarastal faoi réir cháin an Aontais a asbhaintear ag an bhfoinse, agus tá baill foirne díolmhaithe ó chánachas náisiúnta.

Is í an Bhruiséil, an Bheilg – áit a bhfuil an Ghníomhaireacht Ionnaithe – an áit fostaíochta.

Chun tuilleadh eolais a fháil, féach na Rialacháin Foirne.

## Faisnéis d’iarrthóirí

Cuirfear na hiarrthóirí uile ar an eolas in am trátha faoin bpróiseáil a dhéantar ar a n-iarratas, agus cuirfear in iúl dóibh cé acu a thabharfar cuireadh dóibh freastal ar an nós imeachta roghnúcháin a bhfuil tuairisc tugtha air thuas.

Féadfaidh iarrthóirí soiléiriú maidir le próiseáil a n-iarratais a iarraidh trí ríomhphost ina luaitear tagairt an roghnúcháin lena mbaineann a sheoladh chuig an seoladh seo a leanas:

EACEA-TA-SELECTION@ec.europa.eu

- **Iarratas ar athbhreithniú**

Iarrthóirí a cheapann go ndearnadh botún ina measúnú, féadfaidh siad a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú trí iarratas a sheoladh laistigh de 10 lá oibre ón dáta ar an ríomhphost/nóta a chuir an diúltú in iúl dóibh, agus uimhir an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a lua chuig an mBord Roghnúcháin ag an seoladh seo a leanas:

EACEA-TA-SELECTION@ec.europa.eu

Déanfaidh an Bord Roghnúcháin an t-iarratas a athmheas, agus cuirfidh sé a chinneadh in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá oibre tar éis dó an litir a fháil.

- **Gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh (SR)**

Féadfaidh iarrthóirí gearán a dhéanamh ar bhonn Airteagal 90(2) de SR, a bheidh le cur faoi bhráid Stiúrthóir EACEA, ach ríomhphost a sheoladh chuig:

EACEA-TA-SELECTION@ec.europa.eu

Is é an teorainn ama a leagtar amach do nós imeachta den chineál seo 3 mhí ón dáta a dtugtar fógra faoin gcaingean a dhéanann dochar don ghearánach.

- **Achomharc breithiúnach**
  Féadfaidh iarrthóirí achomharc breithiúnach a chur isteach ar bhonn Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne. Le sonraí a fháil maidir le conas achomharc breithiúnach a chur isteach agus maidir le conas na spriocdhátaí a chinneadh, féach ar shuíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (https://curia.europa.eu).

- **Gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach**

Féadfaidh iarrthóirí, amhail saoránaigh uile an Aontais, gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach. Sula gcuirfidh tú gearán faoi bhráid an Ombudsman, ní mór duit teagmháil riaracháin iomchuí a dhéanamh ar dtús leis na hinstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann (féach thuas). Ní chuirfear síneadh leis na spriocdhátaí chun gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a thaisceadh nuair a dhéantar gearán leis an Ombudsman.

Féach suíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (https://www.ombudsman.europa.eu/ga/home).

## Cosaint sonraí

Áiritheoidh an Ghníomhaireacht go ndéanfar faisnéis phearsanta iarrthóirí a phróiseáil de réir mar a cheanglaítear le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a bheith á bpróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus saorghluaiseacht sonraí den chineál sin, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Téacs Chinneadh Uimh. 1247/2002/CE atá ábhartha maidir le LEE. Tá an Ráiteas Príobháideachais le fáil ar shuíomh gréasáin na Gníomhaireachta, lena n-áirítear sonraí faoin gceart chun rochtain a fháil ar shonraí pearsanta agus chun iad a cheartú.